



An Grúpa Comhairleach
Náisiúnta um
Fhuilistriúchán *NTAG*

B'fhéidir gur gá duit
FUILAISTRIÚ ag
teastáil uait



Tá an bhileog seo ceaptha chun cabhrú leatsa agus le do theaghlach a thuiscint cad is fuilaidriú ann agus conas an chóir leighis a dhéanamh níos sábháilte duit féin.

Más dócha go bhfuil fuilaidriú de dhíth ort, míneoidh do dhochtúir nó d'altra sin duit agus an fáth atá leis. Iarrfaidh siad cead ort fuilaidriú a thabhairt duit. Ciallaíonn sin gur fútsa freisin é an cinneadh a dhéanamh fuilaidriú a fháil. Má bhíonn tú gan aithne gan urlabhra, ní mór don dochtúir an chóir leighis is mó a rachaidh chun do leasa a chur ort. Sa chás sin, d'fhéadfaí fuilaidriú a thabhairt duit gan cead a fháil uait. (Féach ceist 9.)

Má tá aon cheisteanna agat i dtaobh an eolais seo, cuir ar an dochtúir nó ar an altra iad.

Mínítear sa bhileog seo

1. Cad is fuilaidriú ann?	2
2. Cén fáth a mbeadh fuilaidriú de dhíth ort?	2
3. Cad é an baol a bhaineann le fuilaidriú?	3
4. An féidir fuilaidriú a sheachaint?	5
5. Conas a dhéantar fuilaidriú?	6
6. Cad iad na comhábhair éagsúla fola?	7
7. Cad é ba chóir don othar a dhéanamh chun a chinntiú go mbeidh an fuilaidriú sábháilte?	8
8. Taifid fuilaidriúcháin – cá fhad a choinnítear iad?.....	9
9. Cad a tharlaíonn má dhiúltaíonn tú don fuilaidriú?.....	10

1. Cad is fuilaidriú ann?

Nuair a fhaigheann othar méid fola ar dheonaigh duine eile dó, sin fuilaidriú. Deonaíonn daoine flaithiúla a gcuid fola do Sheirbhís Fuilaidriúcháin na hÉireann (SFÉ) le go mbeidh an chóir leighis sin ar fáil duit. Ní íoctar leo as sin.

Tá comhábhair éagsúla san fhuil (feach céist 6. ‘Cad iad na comhábhair éagsúla fola?’). D'fhéadfadh ceann amháin nó níos mó de na comhábhair fola seo a leanas a bheith san fhuilaidriú a thugtar duit:

- fuilchealla dearga
- pláitíní
- plasma.

2. Cén fáth a mbeadh fuilaidriú de dhíth ort?

Is féidir le fuilaidriú do bheatha a shábháil

Má chailleann tú cuid mhór fola: Má bhíonn tú ag cur fola go trom tar éis duit gortú a fháil nó leanbh a bhreith, mar shampla, b'fhéidir go dtabharfaimis fuilaidriú duit ina mbeadh cealla dearga.

Cúitíonn fuilaidriú ceall dearg an méid fola a chailltear i rith obráidí freisin (ar nós athchur cromáin).

Mura bhfuil smior na gcnámh ag obair i gceart: B'fhéidir go mbeadh fuilaidriú ceall dearg agus pláitíní araon de dhíth ort mura bhfuil smior na gcnámh ag obair i gceart. Is é an smior an áit a ndéantar cealla dearga agus pláitíní. D'fhéadfadh galair nó cóir leighis le haghaidh ailse cosc a chur ar an smior ó bheith ag obair i gceart. Tar éis ceimiteiripe nó radaiteiripe, is féidir go dtógfaidh sé suas go mí ar an smior teacht chuige féin.

I gcás riochtaí géiniteacha: Tá riochtaí sláinte géiniteacha ar dhaoine áirithe, ar nós ainéime chorráncheallach, a chuireann isteach ar a gcuid haemaglóibine. Is é haemaglóibin an rud a iompraíonn ocsaigin timpeall ar fud do cholainne. Is gá do dhaoine a bhfuil a leithéid de ghalar orthu fuilaidrithe a fháil arís agus arís eile ar feadh a saoil.

3. Cad é an baol a bhaineann le fuilaidriú?

Braitheann an baol ar do shláinte agus ar an bhfuilaidriú féin

Tá sé coitianta go leor frithghníomhú éadrom a bheith agat in aghaidh fuilaidrithe, ach is annamh é a bheith díobhálach - ní tharlaíonn sin ach i gcás níos lú ná aon fuilaidriú amháin as gach 17,000 a thugtar. (Léigh a thuilleadh faoi sin i dtuarascáil ón Ríocht Aontaithe maidir le frithghníomhú trom in aghaidh fuilaidrithe ar www.shotuk.org)

Seo roinnt samplaí den fhrithghníomhú in aghaidh fuilaidrithe

Méadú teochta: Sin é an frithghníomhú is coitianta in aghaidh fuilaidrithe ach bíonn sé éadrom de ghnáth.

Frithghníomhú ailléirgeach: D'fhéadfadh gríos nó comharthaí eile ailléirge a theacht ar dhuine go háirithe tar éis fuilaidriú pláitíní nó plasma a fháil. Má thagann sin ort, is féidir go gcuirfí ar réim cógas thú lena leigheas.

Scaipeadh galair: Is annamh an rud é sin anois. Déantar scagadh ar dhaoine sula ndeonaíonn siad a gcuid fola. Níl cead ag othair a bhfuil fuilaidriú faighte acu a gcuid fola féin a dheonú. Déanaimid tástáil ar gach aon deontas fola le haghaidh galair ar féidir le fuilaidriú a scaipeadh. Orthu sin, déantar tástáil le haghaidh víris agus baictéir is siocair le galair ar nós:

- heipitíteas (heipitíteas B, C agus E)
- SEIF (víreas easpa imdhíonachta daonna (VEID))
- gallbholgach

Faighimid réidh le deontais fola má léiríonn na tástálacha go bhfuil na galair sin iontu. Fiú agus na réamhchúraim sin ann, tá baol an-bheag ann go dtabharfaidh fuilaidriú galar duit. D'fhéadfadh sé sin tarlú, mar shampla, má thagann galar nua ar an deontóir fola sna chéad chúpla lá roimh fuil a dheonú agus murar féidir leis na tástálacha é sin a bhrath. Cuirtear síos ag deireadh na bileoige (féach Tuilleadh Eolais) ar an mbaol iarmharach sin, ós annaimhe é ná gach aimhréidh eile a bhaineann leis an bhfuilaidriú.

Forbairt antasubstaintí: D'fhéadfadh duine amháin as gach 300 othar antasubstaintí i gcoinne fuilchealla dearga a fhorbairt má fhaigheann siad níós mó ná aon fhuilaidriú amháin. Déanann na hantasubstaintí sin ionsaí ar chealla dearga nach mar a chéile iad le do chuid ceall dearg féin, rud is féidir dochar a dhéanamh duit.

Má tharlaíonn sin, beidh orainn tuilleadh tástálacha a dhéanamh chun do chuid fola a mheaitseáil níós cruinne i gcomhair fuilaidrithe amach anseo. Dhéanfaí sin freisin le linn toirchis ar fhaitíos go ndéanfadh antasubstaintí dochar d'fhuilchealla dearga an linbh. Más dócha go n-éireoidh tú torrach, mar sin, ní mór dúinn thú féin agus do dhochtúir teaghlaigh a chur ar an eolas faoi na hantasubstaintí.

TACO: Is é an baol **is troime** é an riocht sláinte ar a dtugtar ró-ualú imshruthaithe bainteach le fuilaidriú (TACO). Cuireann sé deacracht anáilaithe ort a d'fhéadfadh a bheith tromchúiseach. Is mó seans go dtarlóidh sé sin má dhéantar an fuilaidriú rósciobtha duit nó má thugtar an iomarca de na comhábhair fola duit. Is mó seans go dtarlóidh TACO má bhíonn cliseadh croí ort nó má cuireadh sreabhán eile isteach sna féitheacha nuair nach raibh tú ag cur fola. D'fhéadfadh sé tarlú i gcás fuilaidriú d'aon aonad amháin.

Mí-oiriúnú: Is é an dara baol is troime é gan fuilaidriú a fháil a oireann don fhuilghrúpa ina bhfuil tú. Is féidir leis an bhfoireann cúram sláinte sin a chosc ach cinnte a dhéanamh de nach dtarlóidh aon mheascán mearaí nuair a thógtar sampla fola uait chun an fuilaidriú a chur in oiriúint duit.

Beidh an fhoireann cúraim sláinte ar an eolas faoi na réimsí baoil sin nuair a dhéanfaidh siad measúnú ort.

Cuirfidh siad ceisteanna ort maidir le:

- fuilaidrithe a bhí agat roimhe seo
- frithghníomhú in aghaidh fuilaidrithe
- aon riachtanais speisialta a d'fhéadfadh a bheith agat i dtaca le fuilaidriú.

Socróidh siad an fuilaidriú dá réir nó ordóidh siad cógais bhreise duit, más gá. Míneoidh siad freisin aon riachtanais speisialta a bhaineann leis an bhfuilaidriú i do chás-sa.

De réir dhlí na hÉireann, ní mór dúinn tuairisc a chur isteach nuair a tharlaíonn frithghníomhú trom in aghaidh fuilaidistithe. Ní úsáidimid d'ainm sna tuairiscí sin. Seolaimid na tuairiscí chuig an Oifig Náisiúnta Haemafhaireachais (NHO). Tugtar ‘córas haemafhaireachais’ ar an bpróiseas sin.

4. An féidir fuilaidistíú a sheachaint?

Dhá rud in éineacht a thaispeánann cé acu an bhfuil fuilaidistíú de dhíth ort nó nach bhfuil: na hairíonna atá ort agus torthaí tástálacha saotharlainne ar nós comhaireamh haemaglóibine agus pláitíní: Is eol don fhoireann cúraim sláinte gan fuilaidistíú a thabhairt duit ach amháin nuair atá géarghá leis. Déanfaidh siad measúnú ar na hairíonna atá ort agus ar thorthaí na dtastálacha saotharlainne chun cinneadh a dheánadh an bhfuil fuilaidistíú de dhíth ort.

Aonad amháin fola san aon am amháin: Mura bhfuil tú ag cur fola, níor cheart go dtabharfaí ach aonad amháin ceall dearg duit mar fhuilaidistíú. Ba cheart go ndéanfaí measúnú ort arís ina dhiaidh sin le cinneadh a dhéanamh an bhfuil fuilaidistíú eile de dhíth ort.

Ainéime: Má tá ainéime ort, b'fhéidir gur leor duit forlíonadh iarainn nó cothaithe eile mar chóir leighis. I gcás roinnt othar, b'fhéidir go mbeidh tástálacha breise ag teastáil chun a fháil amach cad is cúis leis an ainéime agus an chóir leighis cheart a chur orthu.

Obráidí agus toircheas: Is féidir leat roinnt rudaí a dhéanamh sula mbíonn obráidí agat, agus le linn duit bheith ag iompar clainne, chun do stór iarainn a mhéadú agus an cur fola a laghdú. Ba cheart don fhoireann cúraim sláinte seiceáil an bhfuil ainéime ort agus an bhfuil an baol ann go gcuirfidh tú fuil. Ba cheart dóibh cóir leighis a chur ort le haghaidh ainéime agus, más gá, do chóigais a athrú sa chaoi gur lú an seans go gcuirfidh tú fuil. **B'fhéidir** go mbeidh tú in ann fuilaidistíú a sheachaint dá réir.

Is féidir go bhfaighfidh tú cógas a laghdóidh an baol go gcuirfidh tú fuil le linn obráide. Thairis sin, is féidir le roinnt ospidéal do chuid fola féin a athchúrsáil. Ciallaíonn sin gur féidir leo úsáid a bhaint as gléas ‘tarrthála ceall’. Is gléas é a bhailíonn an fhuil atá tú ag cur agus a chuireann an fhuil sin ar ais ionat ar an toirt.

Ní féidir leat do chuid fola a dheonú duit féin: Ní thugann Seirbhís Fuilaeistriúcháin na hÉireann cead d'othair a gcuid fola a dheonú le haghaidh a n-úsáide féin roimh obráid. Is amhlaidh sin toisc nach bhfuil aon fhianaise ann gur cleachtas níos sábháilte é. Luaitear sna Rialacháin Eorpacha nach dea-ghnás é deontais fola a fháil ó do theaghlach ná ó chairde leat (deontais stiúrtha).

5. Conas a dhéantar fuilaeistriú?

Tá an fhoireann cúraim sláinte oilte i gcleachtas sábháilte

Is é an chéad chéim é sampla fola a thógáil uait: Ba cheart do bhall den fhoireann cúraim sláinte lipéad a chur ar an sampla fola láithreach agus é nó í fós in aice leat. Ba cheart go mbeadh do chuid faisnéise aitheantais ar an lipéad sa chaoi nach meascfar suas é le sampla othair eile.

Ní mór don fhoireann cúraim sláinte iarraidh ort an fhaisnéis seo a thabhairt:

- ainm iomlán
- dáta breithe.

Más othar cónaitheach thú, ba cheart duit an banda aitheantais ospidéil a chaitheamh ar a mbeidh d'uimhir aitheantais othair. Ba cheart don fhoireann cúraim sláinte an banda a sheiceáil. Má tá faisnéis ar an mbanda I bhfoirm barrachóid ar féidir a scanadh go leictreonach, is féidir scanóir láimhe a úsáid chun lipéad a phriontáil le haghaidh an tsampla fola.

Tástáil: Cuirtear an sampla fola ar aghaidh ansin go dtí banc fola an ospidéil mar a ndéantar tástáil air. Dearbhaíonn an tástáil cén fuilghrúpa ABO ina bhfuil tú (mar shampla O, A, B nó AB) agus cén grúpa Rhesus ina bhfuil tú (deimhneach nó diúltach). Déantar an sampla fola a mheaitseáil le comhábhar fola atá oiriúnach duit.

An comhábhar fola a thabhairt chomh fada leat: Déanfaidh ball den fhoireann cúraim sláinte an comhábhar fola a roghnaíodh duit a bhailiú ón tsaotharlann. Arís, tá sé ríthábhachtach go ndéanfaidh an fhoireann seiceáil

ar an gcomhábhar le cinntiú gurb é an comhábhar atá ceaptha duit é sula dtosaíonn an fuilaidriú. Cinntíonn sin go bhfaigheann tú an comhábhar ceart.

Fuilaidriú: Úsáidfidh ball den fhoireann cúraim sláinte snáthaid steiriúil agus feadán plaisteach chun an fuilaidriú a cheangal leat, go hiondúil le féith i ngéag do láimhe. Tógann sé idir dhá uair agus ceithre uaire a chloig chun comhábhair fuilcheall dearg ar fad a aistriú. I gcás plasma agus pláitíní, tógann sé idir 30 nóiméad agus uair a chloig. Aistreofar an comhábhar fola níos sciobtha má tá tú ag cur fola nó ar chúiseanna eile.

Seiceáil le haghaidh frithghníomhithe: Coinneoidh an fhoireann cúraim sláinte súil ghéar ort i gcaitheamh an fhuilaidrithe féachaint an dtiocfaidh frithghníomhú ort. D'fhéadfadh frithghníomhú éadrom teacht ar dhuine amháin as gach 100 othar. Tá tábhacht ar leith leis an gcéad 15 nóiméad. Déanfaimid seiceáil ar na nithe seo a leanas agus taifeadfar iad roimh an bhfuilaidriú, lena linn agus ina dhiaidh:

- cuisle
- brú fola
- teocht
- ráta anála.

6. Cad iad na comhábhair éagsúla fola?

Iompraíonn **fuilchealla dearga** ocsaigin ó na scamhóga go dtí an chuid eile den chorp agus dé-ocsaíd charbóin ar ais go dtí na scamhóga lena anáilú amach. Is í an haemaglóibín (Hb) an chuid den chill dhearg a dhéanann an jab tábhachtach sin. Nuair atá an leibhéal Hb íseal, sin ainéime. B'fhéidir go mbeidh mar thoradh uirthi nach bhfaighfidh an croí ná baill bheatha eile dóthain ocsaigine. Má thiteann an leibhéal Hb go tobann (má tá tú ag cur fola, mar shampla), is féidir go ndéanfar dochar duit láithreach agus go mbeidh fuilaidriú de dhíth ort.

Is iad **pláitíní** an chuid den fhuil a úsáideann do chorp chun cur fola a stopadh. Cruinníonn siad le chéile ina bpluga agus greamaíonn fachtóirí téachta den phluga sin chun téachtán a chruthú. Tugtar fuilaidriú pláitíní duit chun cur fola a stopadh nó a chosc.

Is é an **plasma** an chuid leachtach den fhuil a bhfuil na fuilchealla dearga agus na pláitíní ar fuaidreamh ann. Tá fachtóirí téachta sa phlasma, ach mura bhfuil mórán acu ann de bharr galar ae nó cur fola, mar shampla, tabharfar fuilaistriú plasma duit.

7. Cad é ba chóir don othar a dhéanamh chun a chinntiú go mbeidh an fuilaistriú sábháilte?

Tá ról ríthábhachtach le himirt agatsa chun a chinntiú go n-aithneofar i gceart thú:

Déan cinnte go bhfuil do chuid faisnéise aitheantais ceart: Má tá an t-ainm nó an dáta breithe mícheart ar an mbanda aitheantais ospidéil, abair sin leis an bhfoireann cúram sláinte.

Nuair atá an ball foirne ag tógáil sampla uait chun do chuid fola a mheaitseáil leis an bhfuilaistriú, déan cinnte go seiceálann siad cé thú féin. Fiú má tá aithne acu ort, ba chóir dóibh iarraidh ort na nithe seo a leanas a rá (ach níor cheart dóibh leid a thabhairt duit):

- ainm iomlán
- dáta breithe.

Ansin, ba cheart dóibh a chinntiú go bhfuil an fhaisnéis chéanna ar an mbanda aitheantais ospidéil.

Cuir i gcuimhne don fhoireann chliniciúil é más amhlaidh:

- gur tháinig frithghníomhú ort in aghaidh fuilaistrithe roimhe seo
- gur insíodh duit go bhfuil riachtanais speisialta agat i dtaca le fuilaistriú.

Chomh maith leis sin, má mhothaíonn tú go dona nó má thagann airíonna ort le linn nó i ndiaidh an fhuilaistrithe, caithfidh tú sin a rá leis an bhfoireann cúraim sláinte. Tá an liosta airíonna ar an gcéad leathanach eile.

Ar na hairíonna a d'fhéadfadh teacht ort le linn nó i ndiaidh fuilaidriú tá:

- tinneas cinn
- gríos
- masmas
- urlacan
- fiabhras
- crithfhuacht
- croitheadh
- deacrachtaí anáilaithe.

Má thagann airíonna ort, tarlaíonn siad den chuid is mó faoi cheann 24 uair a chloig ó thús an fhuilaidrithe. Tá an fhoireann cúraim sláinte cleachta leis na hairíonna sin agus, más gá:

- cuirfidh siad stop leis an bhfuilaidriú
- déanfaidh siad tástálacha fola agus cuirfidh siad cóir leighis ort le haghaidh na n-airíonna.

Bearta eile sábháilteachta atá i bhfeidhm: Má fhaigheann tú fuilaidriú agus tú i d'othar seachtrach, gheobhaidh tú uimhir fóin don ospidéal ón bhfoireann cúraim sláinte. Ba cheart duit glaoch ar an uimhir sin má thagann frithghníomhú ort tar éis duit an t-ospidéal a fhágáil.

Má tá riachtanais speisialta agat i dtaca le fuilaidriú, moltar duit cárta 'rabhaidh' a fháil ón ospidéal. Ar na riachtanais speisialta i dtaca le fuilaidriú tá, mar shampla, fuil ionradaithe a fháil i gcás othar áirithe a bhfuil ailse orthu nó réim cógas ar leith a fháil. Anuas air sin, cuirtear bratach rabhaidh le do thaifead i gcóras ríomhaireachta bhanc fola an ospidéil a chinntíonn nach dtugtar duit ach fuil a oireann do do riachtanais speisialta féin.

8. Taifid fuilaidriúcháin – cá fhad a choinnítear iad?

Caithfidh SFÉ agus na hospidéil taifid deontóirí agus fuilaidriúcháin, a chuimsíonn sonraí pearsanta, a choinneáil ar feadh 30 bliain. Coinnítear sampla fola as gach deontas do SFÉ i gcartlann ar feadh 10 mbliana.

9. Cad a tharlaíonn má dhiúltaíonn tú don fhuilaisríú?

Is féidir leat gan toiliú le fuilaisríú agus d'intinn a athrú

Is féidir leat cinneadh gan toiliú le fuilaisríú. Mura dtoilíonn tú leis, ba cheart go mbeadh a fhios agat cé gur féidir le go leor daoine airíonna ainéime a sheasamh, tá roinnt othar ann atá i mbaol níos airde mar gheall uirthi mura dtugtar fuilaisríú dóibh.

Ar na hothair sin tá:

- iad siúd atá ag cur fola
- iad siúd atá aosta
- agus iad siúd a bhfuil an croí agus imshruthú na fola go dona acu (galar cardashoithíoch).

Ba cheart duit sin a phlé go hiomlán le do chomhairleoir sula bpleanáiltear obráid nó sula mbeartaíonn tú éirí torrach. Tá polasaithe á bhforbairt ag roinnt ospidéal chun fuilaisríúchán a sheachaint. '**Conairí gan fuil**' a thugtar orthu sin. Ní mar a chéile iad na háiseanna sin in aon dá ospidéal, agus fiú más ann dóibh is féidir go molfaí duit fuilaisríú a fháil mar sin féin.

Réamhthreoracha Cúraim Sláinte (AHD)

Leagtar amach i reachtaíocht na hÉireann (Cuid 8 den Acht um Chinnteoireacht Chuidithe (Cumas), 2015) creat dlí le haghaidh réamhthreoracha cúraim sláinte, ach níl sé ina dhlí ceart go fóill. Doiciméad atá san AHD ar féidir le duine ar bith os cionn 18 mbliana d'aois a scríobh ina dtugann siad treoracha maidir leis an gcineál cúraim sláinte agus cóireála leighis is mian leo a fháil, nó dar mian leo diúltú, nuair nach bhfuil sé fós ar a gcumas an méid sin a chur in iúl. Is féidir, mar shampla, go dtiocfadh néaltrú ar dhuine agus nach mbeadh sé fós in ann cinneadh a dhéanamh maidir lena chóir leighis. Mura bhfuil tú ag iarraidh fuilaisríú a fháil ar chúis ar bith, cúiseanna creidimh agus cultúrtha san áireamh, is féidir leat sin a lua san AHD. Bheadh sé stuama do theaghlach agus do dhochtúir ginearálta a chur ar an eolas faoin AHD atá agat agus do chuid mianta a chur in iúl dóibh.

Déanann an fhoireann cúraim sláinte de réir na réamhthreorach sin nuair is eol dóibh go bhfuil a leithéid ag othar. Is minice ná a mhalairt anois na

cúirteanna a bheith ag aithint agus ag géilleadh dá bhfuil in AHD othair. **Níl** aon cheanglas dlí ar an bhfoireann cúraim sláinte déanamh de réir AHD an othair áfach. Tiocfaidh athrú ar an staid dhlíthiúil sin nuair a bheidh an tAcht i bhfeidhm go hiomlán.

Tuilleadh eolais

Sa mhír seo gheobhaidh tú roinnt staitisticí maidir leis an mbaol íseal go bhfaighfí galar víris trí fhuilaistriú in Éirinn, chomh maith le staitisticí maidir le haithint mhícheart othar.

Baol íseal go bhfaighfí galar víris trí fhuilaistriú in Éirinn

Déanann na bearta sábháilteachta atá anois ann laghdú ar an mbaol go bhfaighfí galar víris trí fhuilaistriú.

Samplaí:

- Tá an baol go bhfaighfí heipitíteas B thart ar aon duine amháin as gach 5 mhilliún deontas anois.
- Tá an baol go bhfaighfí VEID thart ar aon duine amháin as gach 9 milliún deontas.
- Tá an baol go bhfaighfí heipitíteas C thart ar aon duine amháin as gach 12 mhilliún deontas.

(SFÉ a chuir na figiúirí sin thuas ar fáil)

I gcomparáid leis sin, bhí an baol go bhfaighfí bás ar bhóithre na hÉireann in 2020 thart ar 30 duine as gach milliún duine a chónaíonn in Éirinn. (An tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre a thug an figiúr sin)

Aithint mhícheart – Ciallaíonn sin an t-othar a mheascadh le duine eile nuair a thógtar an sampla fola nó nuair a thugtar an fuilaistriú. Tugtar an fuilghrúpa ABO mícheart do bheirt othar as gach milliún fuilaistriú a dhéantar, agus is é an aithint mhícheart is cúis leis an gcuid is mó de na hearráidí sin.

Tá an bhileog seo arna hullmhú ag meitheal oibre de chuid an Ghrúpa Chomhairle Náisiúnta um Fhuilaistriúcháin (NTAG).